

Bainisteoir Comhlíontachta Rialála

Grád Ardoifigh Feidhmiúcháin
Rannóg Tírdhreacha na Meán

Pacáiste Faisnéise Iarratasóra



A larratasóir, a chara,

Go raibh maith agat as spéis a léiriú i ról an Bhainisteora Comhlíontachta Rialála.

Agus tú ag obair i gCoimisiún na Meán, cabhróidh tú le tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chruthú, a oibríonn do dhaoine in Éirinn agus ar fud an AE.

Cabhróidh tú linn tírdhreach na meán a rialáil, a thacú agus a fhorbairt. Cabhróidh tú le cearta bunúsacha gach duine a chosaint agus a chinntiú go leanfaimid de bheith ag maireachtáil i sochaí dhaonlathach oscailte.

Tá ár n-eagraíocht ag fás go tapa. D'fhás muid ó 40 duine go 200 sa chéad dá bhliain. Táimid ag iarraidh fás go dtí os cionn 300 anois. Tagann ár ndaoine ó raon leathan cúlaí: na hearnálacha ar líne agus na meán, an tsochaí shibhialta, an tseirbhís phoiblí, an saol acadúil agus gairm an dlí. Táimid bródúil as na deiseanna a thugaimid d'fhás gairmiúil. Táimid tiomanta d'fhórsa saothair a bheith againn a léiríonn éagsúlacht na sochaí ar a bhfreastalaímid.

Tá lúcháir orainn a bheith ag earcú don Bhainisteoir Comhlíontachta Rialála. Cuirfidh an ról seo le seachadadh na straitéise a ghlacamar níos luaithe i mbliana. Leanfaidh sé ar aghaidh ag cur lenár spriocanna chun a chinntiú go mbeidh tírdhreach na meán cumarsáide in ann:

- seasamh le cearta, folláine agus forbairt leanaí
- tacú leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha
- bheith mar cheann a bhfuil muinín ag tomhaltóirí as ionas go gcosnófar iad ó dhúshaothrú agus ó chalaois
- cultúr na hÉireann agus cé muid féin mar shochaí a léiriú agus a mhúnlú
- luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe a chur chun cinn
- sláinte agus sábháilteacht an phobail a neartú

Má chreideann tú go bhfuil an deis seo ag teacht le do chuid scileanna agus má thugann sé deis fás go gairmiúil, bheimis ar bís cloisteáil uait agus spreagfainn duit iarratas a dhéanamh.

Is mise le meas

Jeremy Godfrey, Cathaoirleach Feidhmiúcháin



Clé go Deas: Rónán Ó Domhnaill, Niamh Hodnett, Jeremy Godfrey, Aoife MacEvilly, John Evans

Ár bhFís agus ár Misean



Is í an fhís atá againn ná tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chinntiú.




Déanaimid tírdhreach na meán a rialáil, a thacú agus a fhorbairt atá mar bhonn agus mar thaca ag cearta bunúsacha agus a chothaíonn sochaí oscailte, dhaonlathach agus iolraíoch.

Ár Réimsí Torthaí Straitéiseacha



Ár Luachanna



Eolas Faoin Ról Seo

Cuspóir an Róil

Tacaíonn an ról seo le feidhmeanna reachtúla a sheachadadh faoin Acht Craolacháin agus faoin Acht Inrochtaineachta. Rannchuideoidh an t-iarrthóir rathúil le creataí comhlíontachta a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a mhaoirsiú, ag cinntiú go gcomhlíonann eintitis rialáilte ceanglais reachtacha agus rialála. Éilíonn an ról ardleibhéal cumais anailíse, breithiúnas neamhspleách, agus an cumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh, agus ag an am céanna cur le feidhmíocht foirne agus comhoibriú trasfheidhmeach laistigh de Rannóg Tírdhreacha na Meán.

Maidir leis an bhFoireann Craolacháin agus Comhlíonadh VOD agus Gearáin

Tá an fhoireann Craolacháin & Comhlíonadh VOD & Gearáin suite i rannóg Tírdhreacha na Meán agus láimhseálann sí gearáin faoi ábhar craolta agus físe ar éileamh nach gcomhlíonann caighdeáin maidir le hábhair ar nós dochar, cion, gríosú foréigin/fuath, cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht. Déanann an fhoireann monatóireacht freisin ar chomhlíonadh cóid agus rialacha seirbhíse meán, conarthaí craolacháin agus oibleagáidí Oibreacha Eorpacha do chraoltóirí agus soláthraithe VOD.

Príomhfhreagrachtaí

- Taighde agus anailís a dhéanamh ar shaincheistanna rialála, reachtacha agus comhlíontachta a bhaineann leis an Acht Craolacháin agus leis an Acht Inrochtaineachta.
- Tacú le dearadh, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú ar chreat comhlíontachta rialála don Acht Inrochtaineachta.
- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh, cabhrú le gearáin a láimhseáil agus tacú le gníomhaíochtaí forfheidhmithe
- Rannchuidiú le comhtháthú na gceanglas nua comhlíontachta i gcreataí agus i sreafaí oibre atá ann cheana.
- Tuarascálacha a ullmhú, cinntiú a dhréachtú, agus tacú le forbairt athbhreithnithe tréimhsiúla, ábhar faisnéise, agus aschuir chumarsáide.



Coimisiún
na Meán

Príomhfhreagrachtaí Ar Lean

- Rannpháirtíocht agus comhoibriú le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, lena n-áirítear eintitis rialálte agus grúpaí abhcóideachta
- Treoir agus maoirseacht a sholáthar do bhaill foirne, lena n-áirítear seachadadh éifeachtach pleananna agus cuspóirí oibre.
- Obair a phleanáil, a chur in ord tosaíochta agus a eagrú i gcomhréir le treoir ón mbainistíocht shinsearach, ag cinntiú go seachadtar aschuir ardcháilíochta laistigh de na tréimhsí ama comhaontaithe.

Tá an méid thuas beartaithe mar threoir ar raon ginearálta na ndualgas agus tá sé beartaithe nach mbeidh sé cinntitheach ná sriantach agus tá sé faoi réir athbhreithnithe.

Eolas Fút

Taithí, Scileanna, Eolas & Cáilíochtaí

Critéir Riachtanach

- Taithí inléirithe ar thaighde neamhspleách agus anailís sonraí
- Cumas cruthaithe chun cinntí agus moltaí stuama tráthúla a dhéanamh i dtimpeallacht chomhlíontachta nó bheartais.
- Scileanna láidre cumarsáide scríofa agus béil, leis an gcumas faisnéis chasta a chur i láthair go soiléir agus go gairmiúil.
- Cuntas teiste ar obair ardchaighdeán a tháirgeadh laistigh de spriocdhátaí dochta.
- Cumas oibriú go neamhspleách agus comhoibriú go héifeachtach mar chuid d'fhoireann.
- Taithí ar obair a phleanáil agus a eagrú, lena n-áirítear bainistíocht feidhmíochta agus seachadadh cuspóirí.
- Cumas chun saineolas ábhair a fhorbairt i réimsí beartais casta nó atá ag athrú.

Critéir Inmhianaithe

- Eolas ar riachtanais inrochtaineachta faoi reachtaíocht náisiúnta nó faoi reachtaíocht AE.
- Taithí ar chreataí rialála nó comhlíontachta a fhorbairt nó a chur chun feidhme.
- Taithí a thacaíonn le láimhseáil gearán rialála, monatóireacht nó feidhmeanna forfheidhmithe.
- Taithí ar thuarascálacha, cinntí rialála, nó ábhair chumarsáide do chomhthéacs beartais nó seirbhíse poiblí a dhréachtú.
- Cumas léirithe chun dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara éagsúla



Príomhfhaisnéis

Sochair, Pacáiste & Pá

- Tairgtear an post seo ar bhonn Buan.
- Lánaimseartha, 35 uair in aghaidh na seachtaine
- Saoire Bhliantúil: 29 lá in aghaidh na bliana
- Ról hibrideach a bheidh sa ról a chomhcheanglaíonn obair bhaile agus oifige. Is é ár mbeartas hibrideach reatha 2 lá san oifig.
- Tá ár n-oifig lonnaithe ag a hAon Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20.
- Le haghaidh liosta iomlán sochar féach ar ár suíomh gréasáin [anseo](#)
- Tá an post seo grádaithe ar [scála](#) Ardoifigigh Feidhmiúcháin..
- Ceapfar iarrthóirí a n-éireoidh leo ar an gcéad phointe den scála.

Próiseas Iarratais

Má tá suim agat iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, cuir isteach le do thoil:

- CV (uasmhéid 2 leathanach) agus litir chlúdaigh/ráiteas pearsanta (uasmhéid 1 leathanach) ina leagtar amach cén fáth a gcreideann tú go gcomhlíonann do scileanna, taithí agus luachanna riachtanais an phoist **trí** [ANSEO](#)
- Tá ceapachán ar an ról seo faoi réir incháilitheacht an iarrthóra chun oibriú in Éirinn. Éilíonn gach post ar iarrthóirí cónaí i bPoblacht na hÉireann nó i dTuaisceart Éireann.
- Déanfar iarrthóirí a théann i mbun canbhasála a dhícháiliú agus a eisiamh ón bpróiseas

Inniúlachtaí

Féach liosta na n-inniúlachtaí thíos a mheasúnófar ag céim an agallaimh don chomórtas seo:

Ceannaireacht Foirne

Breithiúnas, Anailís agus cinnteoireacht

Bainistíocht agus Baint Amach Torthaí

Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide

Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt

Treallús & Tiomantas do Luachanna Seirbhísí Poiblí



Muinín



Iarmhairt



Misneach



Neamhspleáchas



Díríthe ar
dhaoine



Ionracas

An Próiseas Roghnúcháin

Áireofar sa phróiseas roghnúcháin:

Iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil ina n-iarratas, arna measúnú in aghaidh na gcrítéar sonraithe don ról. Tabharfar cuireadh d'iarrthóirí atá ar an ngearrliosta dul chuig agallamh bunaithe ar inniúlacht a dhéanfar go pearsanta inár n-oifig i mBaile Átha Cliath.

Socruithe Réasúnta

Cuirfear socruithe réasúnta ar fáil, más gá, le linn an phróisis earcaíochta. Chun socruithe réasúnta faoi rún a phlé agus a iarraidh téigh i dteagmháil le

amckiernan@cnam.ie

Is fostóir comhdheiseanna é Coimisiún na Meán. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil cúlraí éagsúla acu agus táimid tiomanta d'fhórsa saothair cuimsitheach agus éagsúil a chur chun cinn a léiríonn Éire na linne seo. Oibrímid chun cultúr a chruthú ina bhfuil rochtain chomhionann ag gach duine ar dheiseanna agus ina mbraitheann siad compordach a bheith ina bhfor-fhéin ag an obair.

Dáta Deiridh: 3in 22 Iúil 2025



Investors in
Diversity

BRONZE

